



Polasaí Gaeilge
Chomharchumann Forbartha Mhúscraí Teoranta

2ú Meitheamh 2015

Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo.

Clár Ábhar

1. Réamhrá agus Cúlra.....	3
1.1 Réamhrá.....	3
1.2 Ábhar an Pholasaí.....	3
1.3 Dáta Tosaithe an Pholasaí.....	4
1.4 Forbairt an Pholasaí.....	4
2 Forléargas ar Chomharchumann Forbartha Mhúscraí Teo.....	5
2.1 Fís agus Misean an Chomharchumainn.....	5
2.2 Clár Oibre an Chomharchumainn.....	5
2.3 Struchtúr.....	6
3 Soláthar Seirbhísí an Chomharchumainn.....	7
3.1 Ginearálta.....	7
3.2 Cruinnithe an Chomharchumainn.....	7
3.3 Lógó an Chomharchumainn.....	7
3.4 Foilseacháin.....	8
3.5 Na Meáin & na Meáin Shóisialta.....	8
3.6 Cúrsaí & Ranganna.....	8
4 Earcaíocht agus Forbairt.....	9
4.1 Earcaíocht agus Socrúchán Fostaíochta.....	9
4.2 Ag Forbairt Cumais Teanga.....	9

Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo.

1. Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Cuimsítear sa pholasaí seo na rialacha agus na treoirínte a bhaineann le húsáid agus cur chun cinn na Gaeilge ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teoranta. Beidh seasamh oifigiúil ag an bpolasaí seo i dtéarmaí feidhm agus obair an Chomharchumainn.

Tuigeann Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teoranta go dtugtar aitheantas i mBunreacht na hÉireann agus in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2004 don Ghaeilge mar theanga náisiúnta agus mar phríomhtheanga oifigiúil na tíre seo, agus tá buanú agus caomhnú na Gaeilge i nGaeltacht Mhúscraí mar phríomhspríoc ag an gComharchumann.

Aithníonn Coiste an Chomharchumainn go bhfuiltear suite i gceantar Gaeltachta, ag freastal go príomha ar phobal Gaeltachta agus déanfar gach iarracht é sin a chur san áireamh in oibreacha uile an Chomharchumainn. Aithnítear chomh maith céanna go bhfuiltear lonnaithe i gceantar atá dátheangach don chuid is mó agus tuigtear don Choiste dá réir nach mór don Chomharchumann feidhmiú ar bhonn dátheangach go minic chun leasa an phobail trí chéile.

Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí Gaeilge seo seirbhísí trí Ghaeilge a chur chun cinn i measc phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta, mar aon leis an nGaeilge a chaomhnú mar theanga phobail i nGaeltacht Mhúscraí.

1.2 Ábhar an Pholasaí

Tá an polasaí seo bunaithe ar cé chomh forleathan atá seirbhísí á gcur ar fáil trí mheán na Gaeilge ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo. faoi láthair.

Beidh freagracht ag an bpolasaí maidir leis an leibhéal éilimh atá ar sheirbhísí trí mheán na Gaeilge sa cheantar a mheas ar bhonn leanúnach. Lena chois sin, cinnteoidh an polasaí seo go leanfaidh Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo. ag freastal ar an éileamh seo go háitiúil ar bhonn pleanáilte, sothuigte agus inrochtana.

1.3 Dáta Tosaithe an Pholasaí

D'ullmhaigh Bainisteoir an Chomharchumainn an Polasaí Gaeilge seo agus tar éis a cuireadh é faoi bhraid Údarás na Gaeltachta agus Coiste an Chomharchumainn le faomhadh, glacadh leis go hiomlán an 2ú Meitheamh 2015.

Tá feidhm leis an bpolasaí ón dáta glactha sin agus beidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go bhfaomhann an Coiste polasaí nua.

Beidh athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar an bpolasaí i gcomhar le Coiste a Chomharchumainn agus le hÚdarás na Gaeltachta.

1.4 Forbairt an Pholasaí

Chun an polasaí seo a fhorbairt go leanúnach agus chun seasamh na Gaeilge a fhobairt agus a chur chun cinn i gceantar Mhúscraí, deanfaidh Bainisteoir an Chomharchumainn athbhreithniú ar an gcáipéis seo go rialta (gach sé mhí ar a laghad). Cuirfear an t-athbhreithniú seo i gcrích i gcomhar le Coiste an Chomharchumainn agus Bainisteoir Réigiúnach Údarás na Gaeltachta, nó ionadaí ceaptha dá chuid, de réir mar is cuí.

2 Forléargas ar Chomharchumann Forbartha Mhúscraí Teo.

2.1 Fís agus Misean an Chomharchumainn

Fís

Go mbeadh Múscraí mar phobal Gaeltachta inbhuanaithe, inmharthana agus beoga, á neartú agus á chothú ag traidisiún, oidhreacht chultúrtha agus teanga dhúchais an cheantair chun leasa an phobail trí chéile. Go mbeadh mórtas áite ag lucht cónaithe an cheantair agus go mbeadh cáilíocht beatha thar na bearta á soláthar sa cheantar.

Misean

Traidisiún Teanga Todhchaí

Seirbhís forbartha pobail a sholáthar don phobal trí chéile i nGaeltacht Mhúscraí chun leasa an cheantair áitiúil, le buanú agus caomhnú na Gaeilge, agus cur chun cinn an traidisiúin i gcroílár ár réimse oibre i gcónaí.

2.2 Clár Oibre an Chomharchumainn

Tá sé de dhualgas ar an gComharchumann clár oibre a chur le chéile gach bliain, ina leagtar amach tacar spriocanna agus réimsí oibre le cur i bhfeidhm i gceantar Mhúscraí don bhliain. Cuirtear an clár oibre bliantúil i gcrích i gcomhar leis na grúpaí, eagraíochtaí agus coistí forbartha pobail sa cheantar chun leasa phobal na háite trí chéile.

Bunaítear an clár oibre ar chúig réimse ar leith:

- Buanú agus Forbairt na Gaeilge mar Theanga Pobail
- Forbairt na Turasóireachta Cultúrtha agus Pobail
- Soláthar Seirbhísí Sóisialta don Phobal
- Forbairt na Fiontraíochta agus na Fostaíochta
- Soláthar Cúrsaí Oideachais agus Oiliúna don Phobal

Tugann an clár oibre bliantúil fócas soiléir don Chomharchumann, ionas gur féidir leas a bhaint as na buntáistí atá sa cheantar chun timpeallacht eacnamaíoch agus shóisialta níos fearr agus níos taitneamhaí a chruthú do Ghaeltacht Mhúscraí.

Déantar clár oibre an Chomharchumainn a chomhaontú le hÚdarás na Gaeltachta agus beidh cúnaimh deontais á mheas ag an Údarás gach bliain bunaithe ar ábhar an chláir oibre.

Foilsítear an clár oibre i nGaeilge amháin agus tá cóipeanna ar fáil ón gComharchumann.

2.3 Struchtúr

Cuimsíonn Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo. Bainisteoir lánaimseartha a thuiriscíonn díreach do Chathaoirleach an Chomharchumainn, a fheidhmíonn thar ceann Choiste an Chomharchumainn.

Beidh íosmhéid de sheachtar mball ar Choiste an Chomharchumainn i gcónaí agus beidh gach duine de na baill úd ionadaíoch ar choistí deonacha áitiúla eile sa cheantar (coistí forbartha, cumainn pheile, coistí bailte slachtmhara s.rl.). Ní féidir le héinne éirí as an gCoiste gan ionadaí eile a ainmniú ina áit nó ina háit.

Bíonn cruinniú cinn bhliana ag an gComharchumann i dtreo deireadh na bliana agus is ann a ndéantar na baill agus na hoifigigh a thoghadh don chéad bhliain eile.

Má tá aon choiste nua ag iarraidh teacht ar Choiste an Chomharchumainn, déantar é sin a phlé ag cruinnithe míosúla an Choiste agus má tá an Coiste sásta glacadh leo, glactar leo mar bhaill ina dhiaidh sin.

3 Soláthar Seirbhísí an Chomharchumainn

Leagtar amach anseo thíos córas na dteangacha oifigiúla atá i bhfeidhm faoi láthair ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo. agus an cur chuige atá glactha de lámh ag an gComharchumann i dtaobh na Gaeilge.

3.1 Ginearálta

Is í an Ghaeilge príomhtheanga feidhme agus cumarsáide an Chomharchumainn. Déanann an Comharchumann a chuid gnó go hiomlán trí Ghaeilge a oiread agus is féidir, nó ar bhonn dátheangach de réir mar is cuí.

Tá agus beidh Bainisteoir an Chomharchumainn freagrach as cur chun cinn na Gaeilge thar ceann an Chomharchumainn agus as a chinntiú go dtuigeann an pobal trí chéile gur í an Ghaeilge príomhtheanga feidhme agus cumarsáide an Chomharchumainn.

Tuigtear áfach go bhfuil an Comharchumann lonnaithe i gceantar atá dátheangach don chuid is mó agus dá réir sin ní mór don Chomharchumann feidhmiú ar bhonn dátheangach go minic chun leasa an phobail trí chéile

3.2 Cruinnithe an Chomharchumainn

Reáchtáiltear cruinnithe míosúla de Choiste an Chomharchumainn go hiomlán i nGaeilge.

Reáchtáiltear cruinnithe cinn bhliana an Chomharchumainn, agus aon chruinniú poiblí a eagraíonn an Chomharchumann, i nGaeilge amháin a oiread agus is féidir. Déanann Bainisteoir agus Coiste an Chomharchumainn cinneadh roimh aon chruinniú dá leithéid cibé an gá iad a reáchtáil ar bhonn dátheangach chun freastal orthu siúd a bheidh i láthair ag an gcruinniú.

3.3 Lógó an Chomharchumainn

Tá lógó an Chomharchumainn deartha go hiomlán i nGaeilge agus beidh an lóga sin le feiceáil go soiléir i gcónaí ar cháipéisí uile an Chomharchumainn (fógraí, comhfhreagras, cuirí s.rl.).

3.4 Foilseacháin

Cuirfear na príomhcháipéisí uile (beartais, cáipéisí, fógraí, comhfhreagras s.rl.) a bhaineann leis an gComharchumann i gcló i nGaeilge amháin nó go dátheangach, de réir mar is cuí.

3.5 Na Meáin & na Meáin Shóisialta

Foilseofar preisiúintí an Chomharchumainn i nGaeilge amháin nó go dátheangach, de réir mar is cuí.

Maidir leis na meáin shóisialta (Facebook, Twitter s.rl.) tá cur chuige dátheangach glactha ag an gComharchumann chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar an sciar is mó den phobal áitiúil agus náisiúnta. Cuirtear an Ghaeilge i dtosach a oiread agus is féidir i gcás fógraí sna meáin shóisialta, rud a thacaíonn le seasamh an Chomharchumainn i dtaobh na Gaeilge.

Cé nach bhfuil suíomh gréasáin ag an gComharchumann faoi láthair, sá chás go ndéantar cinneadh suíomh a dhearadh déanfar cinnte go mbeidh an suíomh ar fáil trí mheán na Gaeilge ar dtús agus go dtabharfar isteach an Béarla diaidh ar ndiaidh ag brath ar chúinsí éagsúla, mar shampla costas s.rl.

3.6 Cúrsaí & Ranganna

Maidir leis an raon cúrsaí agus ranganna a n-eagraíonn an Comharchumann i gcomhar le heagrais eile (m.sh. Comhpháirtíocht Forbartha Iarthar Chorcaí s.rl.), seachas ranganna Gaeilge, déantar iarracht a oiread agus atá praiticiúil na cúrsaí agus ranganna úd (m.sh. pas sábháilte, cúrsaí ríomhairí s.rl.) a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, cé gur deacair go hiondúil teagascóirí a aimsiú leis na cáilíochtaí cuí acu chomh maith le cumas sa Ghaeilge.

I gcás cúrsaí agus ranganna á reáchtáil i mBéarla, beidh Bainisteoir an Chomharchumainn ar fáil chun tacaíocht a thabhairt i dtaobh na Gaeilge a oiread agus is féidir.

Sa mhéid gur féidir é, cuirfear ábhair na gcúrsaí agus na ranganna ar fáil ar bhonn dátheangach, go háirithe sa chás go n-éilíonn rannpháirtithe na gcúrsaí agus na ranganna a leithéid.

4 Earcaíocht agus Forbairt

Leagtar amach anseo thíos an cur chuige atá glactha de láimh ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo. ó thaobh na Gaeilge de sa mhéid agus a bhaineann le hearcaíocht.

4.1 Earcaíocht agus Socrúchán Fostaíochta

Cinntoidh an Comharchumann go mbeidh an Bainisteoir, agus aon fhostaithe eile de chuid an Chomharchumainn de réir mar a tharlaíonn, líofa sa Ghaeilge agus go mbeidh ardchumas Gaeilge acu, ó thaobh scríofa agus labhartha araon.

Foilseofar aon fholúntais fhostaíochta de chuid an Chomharchumainn trí mheán na Gaeilge agus sonrúfar go mbeidh líofacht sa Ghaeilge bunriachtanach.

Soláthrófar aon chonradh fostaíochta de chuid an Chomharchumainn i nGaeilge amháin.

4.2 Ag Forbairt Cumais Teanga

Tá an Comharchumann tiomanta do chumas teanga cheantar Mhúscraí a fhorbairt agus a fheabhsú ar mhaithe le buanú agus caomhnú na Gaeilge i measc an phobail.

Cinntefar ar dtús go dtabharfaidh an Bainisteoir tús áite don Ghaeilge nuair atáthar i mbun cumarsáide leis an bpobal, ó thaobh na cumarsáide scríofa agus labhartha araon.

Lena chois sin beidh an Bainisteoir toilteanach, de réir mar is cuí, cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do na grúpaí, eagraíochtaí agus coistí forbartha pobail sa cheantar, chomh maith leis na naíonraí agus scoileanna, lena gcuid polasaithe Gaeilge a chur le chéile.